# Ag Fás Aníos Ar Líne

## Gníomhaíochtaí, díobháil agus sábháilteacht leanaí ar líne i dTuaisceart Éireann - Tuarascáil Fianaise



**Tuarascáil do Pháistí agus do Dhaoine Óga**

Scan anseo don tuarascáila bhunaidh

Lúnasa 2024


Leis an Dr Karen Orr agus an Dr Emilia Symington

Tuarascáil Bhunaidh leis an Ollamh Noel Purdy, an Dr Mark Ballentine, Heather Lyle, an Dr Karen Orr, an Dr Emilia Symington, an Dr Deborah Webster agus an Dr Leanne York



STRANMILLIS UNIVERSITY COLLEGE | 100
*Shaping education since 1922*

Centre for Research in Educational Underachievement

SBNI Safeguarding Board for Northern Ireland

# An Méid a Rinne Muid



Bhí muid ag iarraidh a fháil amach **cad é a dhéanann páistí ar líne.** 'SBNI' a d'iarr orainn é sin a dhéanamh.

Is eagraíocht é Bord Cosanta Thuaisceart Éireann (SBNI) a chuidíonn le páistí a choinneáil slán.

Labhair muid le grúpa páistí agus roinnt daoine fásta. Tugadh **Grúpaí Comhairleacha** orthu seo toisc gur chuidigh sé linn **comhairle** a chur orainn maidir leis na cineálacha ceisteanna ba chóir dúinn a chur. D'úsáid muid a gcomhairle le suirbhé a dhéanamh.

Thug muid an suirbhé do pháistí ó **gach cearn de Thuaisceart Éireann**. San iomlán, **líon 6481 leanbh an suirbhé**.

Labhair muid fosta le **95 duine** ó chúlraí éagsúla faoina dtaithí ar a bheith ar líne. Thug muid cuireadh dóibh labhairt linn **go pearsanta** i ngrúpaí, ar a dtugtar **Grúpaí Fócais**.

# An méid a fuair muid amach



## 1) Is rud maith é an tIdirlíon

Tá go leor rudaí maithe faoi bheith ar líne. Is féidir leat teachtaireacht a chur chuig cairde, éisteacht le ceol, cluichí a imirt, agus amharc ar fhíseáin. Dúirt roinnt páistí gurbh é an t-idirlíon an 'spás sábháilte' a bhí acu. Ba iad

**Snapchat, Tiktok, Youtube agus Instagram** na haipeanna ab fhearr leo ar na meáin shóisialta.

Cé go raibh a fhios ag na daoine óga ar labhair muid leo faoi shábháilteacht ar líne, **tá níos mó go fóill le déanamh.**




Ba chóir go mbeadh níos mó acmhainní ar fáil do **gach duine** le húsáid, lena n-áirítear cainteoirí Gaeilge agus daoine óga a bhfui RSO acu.

Tá fón dá gcuid féin ag **99% de pháistí idir 14-18 mbliana d'aois** agus ag 92% de pháistí **idir 8-13 bliana d'aois.**

## 2) Tuismitheoirí agus Cúramóirí

Dúirt formhór na bpáistí ar labhair muid leo nach **raibh suim ag a dtuismitheoirí** sa mhéid a rinne siad agus iad ar líne. Ach, nuair a labhair muid le tuismitheoirí agus cúramóirí, dúirt siad go raibh **SUIM MHÓR** acu ann! Dúirt tuismitheoirí agus cúramóirí gur mhothaigh siad ciontach mar nach raibh siad ag iarraidh go gcaillfeadh a gcuid páistí amach, ach bhí siad ag iarraidh a chinntiú go raibh siad sábháilte.

## 3) Ag fanacht sábháilte



**Dúirt 75% de pháistí** go mbíonn siad in ann iad féin a choinneáil sábháilte ar líne. Bhí eolas/treoir/oiliúint de chineál éigin faighte ag a bhformhór ar líne, agus dúirt siad go raibh sé sin go maith i gcoitinne.

## 4) Caitheann páistí A LÁN ama ar líne



Is cosúil go mbíonn sibhse ar líne A LÁN! Chaith páiste amháin ar labhair muid leis 23 uair an chloig ar líne… i lá amháin! De ghnáth téann páistí ar líne níos mó ag an deireadh seachtaine, agus caitheann 1 as gach cúigear déagóirí os cionn 7 n-uaire an chloig in aghaidh an lae ar líne ag an deireadh seachtaine.

Ach, tá roinnt fadhbanna le bheith ar líne an oiread sin. Dúirt idir an cúigiú agus an ceathrú cuid de pháistí gur mhothaigh siad tuirseach mar go raibh siad ar líne an oíche roimhe sin, agus mhothaigh páistí a chaitheann níos faide ar na meáin shóisialta níos measa fúthu féin.

## 5) An 'taobh dorcha' den idirlíon'



Cé gur tharla drochrudaí ar líne do go leor de na páistí ar labhair muid leo, is mó i **bhfad** an seans go dtarlaíonn drochrudaí do chailíní. Bhí idir bhuachaillí agus chailíní thíos le rudaí diúltacha éagsúla ar líne; ba mhó an seans go ndéarfadh cailíní gur chaith duine éigin leo go holc nó go nimhiúil leo, agus ba mhó seans go ndéarfadh buachaillí go raibh siad faoi bhagairt nó dúmhál. Ba mhó an seans go ndéanfaí bulaíocht ar leanaí ar líne freisin dá n-aithneofaí iad mar LADTAI+

Is iondúil go ndíríonn cibearbhulaithe ar dhaoine a bhfuil aithne acu orthu; Ní dúirt ach 1 as gach triúr daoine óga a ndearnadh bulaíocht orthu ar líne gur strainséir a bhí ann.

# Cad atá romhainn?

Táimid ag obair leis an SBNI chun a chinntiú go ndéantar an méid atá foghlamtha againn tríd an taighde seo a chomhroinnt (mar shampla le daoine fásta sa rialtas) ionas gur féidir linn go léir oibriú le leanaí agus daoine óga a choinneáil sábháilte ar líne. Tá 5 rud ann a shílimid atá thar a bheith tábhachtach do dhaoine a bheith ar an eolas faoi bheith ar líne:

1) **ar líne, mar sin caithfidh teaghlaigh oibriú le chéile le 'cothromaíocht ama ar scáileán' a aimsiú a oibríonn dóibh. Beidh cuma dhifriúil ar an méid ama a chaitear ar líne do gach duine**
2) **Tá tacaíocht níos fearr de dhíth ar thuismitheoirí le tuiscint a fháil ar shaol ar líne a bpáistí**
3) **Caithfear níos mó a dhéanamh le cailíní a chosaint go háirithe ar dhíobháil ar líne**
4) **Ba chóir go mbeadh leanaí páirteach i gcruthú acmhainní faoi shábháilteacht ar líne**
5) **Caithfidh comhlachtaí meán sóisialta a bheith ag obair níos déine le páistí a chosaint ar a suíomhanna**

# Na Leideanna is Fearr



Tá sé tuillte ag gach duine a bheith s ábháilte ar líne agus as líne. Má tá duine nó rud éigin ag cur buairimh nó imní ort, is tábhachtach labhairt faoi.

- Inis do dhuine fásta a bhfuil muinín agat as agus a chuireann ar do shuaimhneas thú
- Téigh chuig an **Mol Sábháilteachta Ar Líne** faoi choinne leideanna agus tacaíochta www.onlinesafetyhub.safeguardingni.org
- Má tá cuidiú agus tacaíocht faoi rún de dhíth ort, is féidir leat glaoch ar Childline ar 0800 1111 www.childline.org/info-advice
- Má tá duine nó rud éigin ag cur eagla nó míshásaimh ort, cuir in iúl do na póilíní é trí ghlaoch ar 101 agus tacóidh siad leat

# Fáilte go dtí an Mol Sábháilteachta Ar Líne

*Oideachas agus tacaíocht le páistí a choinneáil sábháilte agus iad ar líne.*



Scan an cód seo le cuairt a thabhairt ar an tsuíomh.






Sa mhol, tá comhairle sábháilteachta, foinsí agus tacaíocht ó réimse eagraíochtaí ionas gur féidir le daoine óga, teaglaigh agus daoine gairmiúla, rochtain a fháil ar eolas in áit lárnach amháin. Tá leideanna praiticúla agus uirlisí sa mhol le sábháilteacht páistí ar líne a fheabhsú, ó thaobh am a caitheamh ar scáileán, na meáin shóisialta agus cad a dhéanfadh muid nuair a thagann rud éigin chun cinn nach bhfuil i gceart.

MOL SÁBHÁILTEACHTA AR LÍNE

**OnlineSafetyHub.SafeguardingNI.org**

Tá Bord Cumhdaigh Thuaisceart Éireann (SBNI) ina pháirtí le Grúpa Cumhdaigh INEQE le mol nua digiteach leabharlainne a chruthú fá choinne tacaíochta agus sábháilteachta ar líne.

SBNI Safeguarding Board for Northern Ireland

INEQE SAFEGUARDING GROUP

STRANMILLIS UNIVERSITY COLLEGE | 100
*Shaping education since 1922*

Centre for Research in Educational Underachievement

SBNI
Safeguarding Board for Northern Ireland